

Vóta Theresa May

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheisirí Pharlaimint Westminster ag vótáil in éadan mhargadh Theresa May. Cé mhéad feisire a vótáil i gcoinne an mhargaidh agus cé mhéad a vótáil ar a shon? Cad eile atá ar eolas agat faoin scéal seo?



Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail/frásaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- loss: _____
- full up, packed: _____
- counsel, advice: _____
- by its own strength: _____
- the day after tomorrow: _____
- ploughing on: _____
- notwithstanding: _____
- completely: _____
- deliverance, release: _____
- political predicament: _____
- extension: _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Bhí dhá leid mhóra ann i rith an lae agus le linn chaitheamh an vóta go mbeadh cailliúint mhór ann do Theresa May. Cad iad?
2. Cad í an fhadhb is mó atá ag Theresa May anois? Cén fáth?
3. An bhfuil aon bhealach amach aici? Cad é?
4. Cad iad na vótaí eile a bheidh ann?

Cad iad na freagraí a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 An séimhiú

Féach ar na habairtí thíos, a bhí le cloisteáil sa mhír. Tá an séimhiú in easnamh iontu. Scríobh amach arís iad, ach le gach séimhiú san áit chuí.

- Chugat féin ar dtús a Míchíl.
- ... tar éis a beith ag cur amach pictiúr ar na meáin sóisialta...
- Chomh luath is a d'fhoilsigh Ard-Aighne Rialtas na Breataine, Geoffrey Cox, a comhairle inniu, go bunúsach ag cur in iúl nach raibh aon bealach dleathach go bhféadfadh an Breatain teacht amach as an gcúlstad as a stuaim féin, bhí buille an báis dáiríre don vóta sin.
- An ceist is dócha anois atá ann ná cé chomh trom is a bheidh an cailliúint seo do Theresa May agus cad a ciallaíonn sé dáiríre don Breatimeacht.
- Tá sí tar éis a beith réasúnta, is dócha, láidir mar ceannaire agus tar éis a bheith ag treabhadh léi ainneoin go bhfuair sí buille i ndiaidh buille ó taobh an cúrsa seo.
- Ach, níl aon amhras go bhfuil an-cuid fadhbanna aici agus is dócha gurb í an bhunfadhb atá aici ná go bhfuil sí ag brath ar an DUP le fanacht i Rialtas...
- Mar sin, b'fhéidir gurb é toghchán an fuascailt a teastaíonn chun teacht amach as an tsáinn polaitiúil ina bhfuil cúrsaí.

Ceist 5 Is minic a mheashtar suas na focail seo thíos. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

buille
buile (ar, le)
feic
féach
bonn
bun
méid
líon

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Samhlaigh gur casadh neach neamhsholta ort agus gur iarr siad ort míniú a thabhairt ar Bhreatimeacht. Cad a déarfá?
2. Cén tionchar atá ag Breatimeacht ar an gcaidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile. 391 feisire a vótáil i gcoinne an mhargaidh agus 242 a vótáil ar a shon.

Ceist 2

loss:	<i>cailliúint</i>
full up, packed:	<i>pacáilte, lán go boimbéal</i>
counsel, advice:	<i>comhairle</i>
by its own strength:	<i>as a stuaim féin</i>
the day after tomorrow:	<i>arú amárach</i>
ploughing on:	<i>ag treabhadh léi</i>
notwithstanding:	<i>ainneoin</i>
completely:	<i>scun scan, go huile agus go hiomlán</i>
deliverance, release:	<i>fuascailt</i>
political predicament:	<i>sáinn pholaitiúil</i>
extension:	<i>síneadh</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- Chugat féin ar dtús a **Mhíchíl**.
- ... tar éis a **bheith** ag cur amach pictiúr ar na meáin **shóisialta**...
- Chomh luath is a d'fhoilsigh Ard-Aighne Rialtas na Breataine, Geoffrey Cox, a **chomhairle** inniu, go bunúsach ag cur in iúl nach raibh aon **bhealach** dleathach go bhféadfadh an **Bhreatain** teacht amach as an gcúlstad as a stuaim féin, bhí buille an **bháis** dáiríre don vóta sin.
- An **cheist** is dócha anois atá ann ná cé chomh trom is a bheidh an **chailiúint** seo do Theresa May agus cad a **chiallaíonn** sé dáiríre don **Bhreathimeacht**.
- Tá sí tar éis a **bheith** réasúnta, is dócha, láidir mar **cheannaire** agus tar éis a bheith ag treabhadh léi ainneoin go bhfuair sí buille i ndiaidh buille ó **thaobh** an **chúrsa** seo.
- Ach, níl aon amhras go bhfuil an-**chuid** fadhbanna aici agus is dócha gurb í an bhun**fhadhb** atá aici ná go bhfuil sí ag brath ar an DUP le fanacht i Rialtas...
- Mar sin, b'fhéidir gurb é toghchán an **fhuascailt** a **theastaíonn** chun teacht amach as an tsáinn **pholaitiúil** ina bhfuil cúrsaí.

Ceist 5

buille – *blow, stroke*
buile (ar... le) – *madness, 'ar buile le' - angry*
feic – *see*
féach – *look*
bonn – *sole, foundation*
bun – *bottom, lower end*
méid – *amount, quantity*
líon – *full number (daoine de ghnáth)*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Chugat féin ar dtús a Mhíchíl. Níl an toradh againn go fóill a Mhíchíl, cúpla nóiméad eile a deirtear liom. Ach, níl sé ag breathnú go maith do Theresa May agus breathnaíonn sé i ndáiríre gur toradh díomách a bheidh aici tráthnóna.

Mícheál Ó Leidhin

Sin é go díreach a Eimear. Ag féachaint ar, is dócha, na daoine atá ag caitheamh vótaí i láthair na huaire, tá an chuma ar an scéal gur cailliúint throm a bheidh ann do Theresa May sa vóta áirithe seo. Tá na vótaí díreach caite ag na Feisirí Parlaiminte agus bhí na daoine a bhí ag caitheamh vótaí tar éis a bheith ag cur amach pictiúr ar na meáin shóisialta agus bhíodar ag cur in iúl go raibh na seomraí a bhí ann, ina ndeachaigh na daoine chun diúltú don vóta seo de Theresa May, bhí na hallaí áirithe sin pacáilte. Bhíodar lán go boimbéal, mar sin, níl an chuma ar an scéal go n-éireoidh le Theresa May sa vóta sin. Bhí an tuairim sin againn réasúnta luath sa lá. Chomh luath is a d'fhoilsigh Ard-Aighne Rialtas na Breataine, Geoffrey Cox, a chomhairle inniu, go bunúsach ag cur in iúl nach raibh aon bhealach dleathach go bhféadfadh an Bhreatain teacht amach as an gcúlstaad as a stuaim féin, bhí buille an bháis dáiríre don vóta sin. An cheist is dócha anois atá ann ná cé chomh trom is a bheidh an chailliúint seo do Theresa May agus cad a chiallaíonn sé dáiríre don Bhreiteimeacht. Tá vótaí le bheith ann amárach agus arú amárach agus b'fhéidir go neosfaidh¹ sé sin cúrsa níos soiléire faoi cén treo a rachaidh an Breiteimeacht anois.

Eimear Ní Chonaola

Ach is cinnte a Mhíchíl, gur buille mór a bheidh anseo do Theresa May, bealach amháin nó bealach eile. An dtiocfaidh sí as?

Mícheál Ó Leidhin

Sin í is dócha an cheist atá ann – cad go díreach a chiallaíonn sé seo do Theresa May? Tá sí tar éis a bheith réasúnta, is dócha, láidir mar cheannaire agus tá sí tar éis a bheith ag treabhadh léi ainneoin go bhfuair sí buille i ndiaidh buille ó thaobh an chúrsa seo. Ach, níl aon amhras go bhfuil an-chuid fadhbanna aici agus is dócha gurb í an bhunfhadhb atá aici ná go bhfuil sí ag brath ar an DUP le fanacht i Rialtas, agus tá an DUP scun scan, go huile is go hiomlán, i gcoinne an méid atá aontaithe aici ó thaobh an chulstaid. Agus, is cuma cén treo a fhéachann sí, beidh an DUP i gcónaí i gcoinne an méid atá sí tar éis a aontú leis an Aontas Eorpach. Mar sin, b'fhéidir gurb é toghchán an fhuascailt a theastaíonn chun teacht amach as an tsáinn pholaitiúil ina bhfuil cúrsaí.

Mar a dúirt mé, tá vóta le bheith amárach ann. Beidh an vóta sin...braitheann sé sin ar an imeoidh an Bhreatain gan aon socrú. Táimid...tá súil againn go gcaillfidh sí an vóta sin agus ansin Déardaoin, go mb'fhéidir go mbeidh vóta eile ann ar síneadh – mar sin go mb'fhéidir go mbeidh síneadh ann ar airteagal a caoga. Agus, b'fhéidir, go n-inseoidh sé sin an bealach amach a bheidh ann nuair a bheidh deireadh leis na cúrsaí seo ar fad.

¹ go n-inseoidh an leagan caighdeánach